



Commission for
Communications Regulation
An Coimisiún um
Rialáil Cumarsáide

Ráiteas Straitéise maidir leis an bPost 2024 - 2026



Ábhar

1. Réamhrá	3
2. Ár gcuuspóir	4
3. Ár bhfís, ár ról, ár misean agus ár luachanna	7
4. Ár straitéis	8
5. Conas a dhéanaimid faireachán ar ár ndul chun cinn agus a thugaimid tuairisc air	14
6. Conas a d'fhorbraíomar ár straitéis	15

1.

Réamhrá

Is é ComReg rialálaí na seirbhísí poist agus na seirbhíse poist uilechoitinne in Éirinn. Is as Treoir Eorpach a trasuódh i ndlí na hÉireann dár sainordú.

Mionsonrófar sa Ráiteas Straitéise seo maidir leis an bPost fís, misean agus luachanna ComReg mar aon lenár gcuid spriocanna straitéiseacha agus cuspóirí straitéiseacha le haghaidh rialáil poist thar an tréimhse dhá bhliain ón mbliain 2024 go dtí an bhliain 2026. Mionsonrófar i bplean gníomhaíochta bliantúil ar leith an obair a dhéanfaimid chun na spriocanna straitéiseacha sin agus na cuspóirí straitéiseacha sin a chomhlíonadh.

Sa Ráiteas Straitéise seo maidir leis an bPost, leagaimid na nithe seo a leanas amach:

- Ár gcuspóir
 - Ár bhfís, ár ról, ár misean agus ár luachanna
 - Ár straitéis
 - Conas a dhéanaimid faireachán ar ár ndul chun cinn agus a thugaimid tuairisc air
 - Conas a d'fhorbraíomar ár straitéis
-



2.

Ár gcuSPóir



Fianaise atá sna blianta beaga anuas gur riachtanas iad seirbhísí poist; tá litreacha agus seachadtaí beartán ina rud tábhachtach do shaol laethúil úsáideoirí na seirbhíse poist fós. Tá an earnáil seirbhísí poist lánoscailte d'iomaíocht agus tá roinnt soláthraithe seirbhíse poist ann.

Cé go bhfuil an earnáil poist lánoscailte d'iomaíocht, is ann do shainordú dlíthiúil do rud dá ngairtear seirbhís poist uilechoiteann toisc nach bhfuil an margadh iomaíoch dáiríre.

Is é ár gcuspóir ná na nithe seo a leanas a rialáil:

1 Seirbhís poist uilechoiteann

2 Seirbhísí poist

Seirbhís poist uilechoiteann

Is é is an tseirbhís poist uilechoiteann ann ná coimirce chun a chinntiú gur féidir le gach duine in Éirinn post a fháil agus a sheoladh ar fud na tíre. Is é atá i gceist leis an tseirbhís poist uilechoiteann ná go soláthraítear bailiú amháin ar a laghad agus seachadadh amháin ar a laghad do gach duine ar gach lá oibre (ó Luan go hAoine). Is é atá sa tseirbhís poist uilechoiteann is mó tóir ná litreacha lena seachadadh laistigh d'Éirinn.

Áirítear lenár gcuspóir a chinntiú go soláthraítear seirbhís poist uilechoiteann do gach duine ar fud na tíre ar gach lá oibre, ar phraghas inacmhainne agus de réir leibhéal leordhóthanach cáilíochta.

Sa bhliain 2023, d'iarr An Post cead chun leanúint ar aghaidh mar sholáthraí seirbhíse uilechoitinne agus, ag teacht sna sála ar chomhairliúchán, beidh sé ar an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne go dtí an 1 Lúnasa 2029, mura sonraíonn ComReg a mhalairt. Mar thoradh ar a thábhachtaí atá an tseirbhís poist uilechoiteann, ceanglaítear leis an dlí go bhfuil an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne faoi réir níos mó rialála agus é i mbun na seirbhíse poist uilechoitinne agus ina bun sin amháin.

Seirbhísí poist

Féadfaidh aon duine gnólacht poist a bhunú. Ní mór d'aon duine atá ag soláthar seirbhís poist nó atá ag beartú seirbhís poist a sholáthar an méid sin a chur in iúl do ComReg, ar ina dhiaidh a bheidh sé ina sholáthraí seirbhíse poist údaraithe, faoi réir ceanglais áirithe. Níl le déanamh ag na soláthraithe seirbhíse poist uile ach cód cleachtais lena gcumhdaítear gearáin custaiméirí agus sásamh custaiméirí a chur chun feidhme agus a fhoilsiú. Tá ár gcuspóir le haghaidh seirbhísí poist teoranta don mhéid sin a chinntiú. Tá ról againn freisin i réiteach díospóide tomhaltóirí do sheoltóirí poist agus d'fhaighteoirí poist araon. Níl aon ról eile againn in aon seirbhísí poist a soláthraíonn aon soláthraí seirbhíse poist, lena n-áirítear An Post, iad. Bíonn saoirse ag gach soláthraí seirbhíse poist, lena n-áirítear An Post, aon seirbhísí poist a sheoladh tar éis dóibh fógra a thabhairt do ComReg ina thaobh sin roimh ré.

I láthair na huaire, tá 13 sholáthraí seirbhíse poist ann ar tugadh fógra ina dtaobh do ComReg:

1. An Post
2. Budget Parcel
3. Corrigan Business Services
4. DCK / DC Kavanagh
5. DX Ireland
6. Fastway Couriers (Ireland)
7. General Logistics Systems (GLS) Ireland
8. Hitch Delivery
9. Lettershop Postal
10. Mail Metrics
11. Parcel-King
12. Sooner Than Later Solutions Ltd.
13. Tico Mail Works

3.

Ár bhfís, ár ról, ár misean agus ár luachanna

Tá ár bhfís, ár ról, ár misean agus ár luachanna mar bhonn agus thaca ag an dóigh a ngníomhaímid.

Tá feidhm ag fíís, ról, misean agus luachanna ComReg maidir leis an earnáil cumarsáide ar fad a rialálaimid, lena n-áirítear seirbhísí poist.

Ár bhFís

Go mbeadh rochtain inacmhainne, ardchaighdeáin agus fhorleathan ag tomhaltóirí agus gnólachtaí in Éirinn ar sheirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide shlána a thacaíonn lena riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha.

Ár Ról

Is é ár ról ná a chinntiú go bhfeidhmíonn na margaí cumarsáide ar mhaithe leis na húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí.

Ár Misean

Is é ár misean ná gurb amhlaidh, trí rialáil éifeachtach agus ábhartha, a dhéanaimid an fhorbairt ar earnáil cumarsáide iomaíoch in Éirinn a éascú, earnáil a mheallann infheistíocht, a spreagann nuálaíocht, agus a thugann cumhacht do thomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

Ár Luachanna

- Ionracas
- Neamhchlaontacht
- Éifeachtacht
- Sármhaitheas
- Trédhearcacht

4.

Ár straitéis

I dteannta ár sainordaithe, tá ár bhfís, ár ról, ár misean agus ár luachanna mar bhonn eolais faoinár straitéis. Tá trí sprioc straitéiseacha ann agus dhá chuspóir straitéiseacha ann le haghaidh gach ceann de na spriocanna sin:

1

Spriocanna 1: Seirbhís poist uilechoiteann a chinntiú

Cuspóirí 1: Riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist a mheasúnú

Cuspóirí 2: Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas seirbhíse poist uilechoitinne

2

Goal 2: Leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn agus a chosaint

Cuspóirí 3: Úsáideoirí seirbhíse poist a chumhachtú trína chinntiú go mbeidh faisnéis chruinn chuí ar fáil

Cuspóirí 4: Úsáideoirí seirbhíse poist a chosaint trína chinntiú go mbeidh nósanna imeachta gearáin agus sásaimh ar fáil

3

Goal 3: Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn

Cuspóirí 5: Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn trí thaighde, sonraí agus faisnéis a sholáthar

Cuspóirí 6: Forbairt na hearnála poist a éascú trínár sainordú dlíthiúil a chomhlíonadh

SPRIOC 1: Seirbhís poist uilechoiteann a chinntiú

Tá feidhm reachtúil againn chun a chinntiú go soláthraítear seirbhís poist uilechoiteann a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist. Tá cuspóir reachtúil againn freisin chun an fháil ar sheirbhís poist uilechoiteann laistigh den Stát, chuige agus uaidh ar phraghas inacmhainne a chur chun cinn chun sochair do gach úsáideoir seirbhíse poist.

Dá bhrí sin, tá sé mar sprioc againn seirbhís poist uilechoiteann a chinntiú agus is é seo a leanas ár n-uaimhian:

Uaimhian: Tá seirbhís poist uilechoiteann ar phraghas inacmhainne agus ar ardchaighdeán ann a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist.

Chun an sprioc agus uaimhian sin a bhaint amach, is iad seo a leanas ár gcuspóirí:

Cuspóir 1: Riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist a mheasúnú

Leanfaimid de mheasúnú a dhéanamh ar riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist agus ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith aige sin don tseirbhís poist uilechoiteann. Déanfaimid é sin trí idirchaidreamh le geallsealbhóirí, trí chomhairliúcháin phoiblí agus trí thaighde. Chomh maith leis sin, leanfaimid d'idirchaidreamh a dhéanamh le rialálaithe poist Eorpacha eile ar an athbhreithniú ar an gcreat rialála Eorpach agus ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith aige sin don tseirbhís poist uilechoiteann.

Cuspóir 2: Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas seirbhíse poist uilechoitinne

Ceanglaítear orainn faireachán a dhéanamh ar an soláthar seirbhíse poist uilechoitinne mar a leanas:

Seachadadh ar gach lá oibre

Is ceanglas dlíthiúil é go soláthródh an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne an tseirbhís poist uilechoiteann ar gach lá oibre (ó Luan go hAoine) do theaghais nó áitreabh gach duine sa Stát. Leanfaimid d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an tsoláthraí seirbhíse poist uilechoitinne, bíodh sé mar fhreagairt do ghearáin nó ag teacht sna sála ar ár n-imscrúduithe féin.

Feidhmíocht maidir le cáilíocht seirbhíse i dtaca le seachadadh an chéad lae eile

Le haghaidh seirbhís poist uilechoiteann píosa aonair, bíonn úsáideoirí seirbhíse poist ag íoc as seachadadh an chéad lae eile d'aon áit sa tír. Is ceanglas dlíthiúil é go ndéanaimid faireachán ar cé acu a bhíonn nó nach mbíonn an tseirbhís sin á fáil ag úsáideoirí. Déanaimid faireachán faoi láthair ar litreacha seirbhíse poist uilechoitinne agus ar phaicéid seirbhíse poist uilechoitinne.

Leanfaimid d'idirchaidreamh a dhéanamh leis an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne chun a fheidhmíocht maidir le cáilíocht seirbhíse a phlé. I gcás gur gá, féadfaimid ordachán a thabhairt don soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne gníomh ceartaitheach a dhéanamh. Mar thoradh ar an tábhacht mhéadaithe atá ag baint le beartáin seirbhíse poist uilechoitinne, déanfaimid breithniú ar cé acu ba cheart nó nár cheart faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht beartán seirbhíse poist uilechoitinne maidir le cáilíocht seirbhíse freisin.

Praghsáil

Cuirtear de chúram orainn a chinntiú go gcomhlíonann praghsáil a sheirbhísí poist uilechoiteanna ag an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne ceanglais áirithe a shocraítear le dlí. I measc na gceanglas sin tá ceanglas go mbeadh na praghsanna inacmhainne agus go mbeadh siad ag teacht leis an gcostas a bhaineann leis an tseirbhís aonair a sholáthar.

Níl aon ról ag ComReg i bpraghsanna a cheadú, áfach. Ní fhéadfaimid idirghabháil a dhéanamh roimh don soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne na hathruithe praghais a dhéanamh.

Mura gcomhlíonann athruithe ar phraghsanna seirbhíse poist uilechoitinne na ceanglais, ní fhéadfaimid dul i mbun gnímh ach amháin tar éis na hathruithe praghais a dhéanamh. Leanfaimid d'fhairesachán a dhéanamh air sin trí aird a thabhairt ar na cuntais rialála agus ar fhaisnéis eile.

Cuntais rialála

Is é atá i gcuntais rialála ná faisnéis rithábhachtach lena gcuirtear ar chumas ComReg faireachán a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- méid, ioncam agus costais na seirbhísí poist uilechoiteanna
- go bhfuil praghsanna ag teacht le costais aonair na seirbhísí poist uilechoiteanna
- ceanglais rialála eile.

Is sinne úsáideoir aonair na gcuntas rialála. Déanann an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne na cuntais rialála a ullmhú agus a chur i láthair de réir rialacha arna socrú againne. Mar shampla, ceanglaítear le rialacha ComReg go mbeadh leithdháiltí cruinne costais ann idir litreacha agus beartáin. Leanfaimid d'fhairesachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an tsoláthraí seirbhíse poist uilechoitinne.

SPRIOC 2: Leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn agus a chosaint users

Tá cuspóir reachtúil againn chun leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn agus chun ardleibhéal cosanta a chinntiú d'úsáideoirí seirbhíse poist.

Is é atá i gceist le leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn agus a chosaint ná a chinntiú gurb eol d'úsáideoirí seirbhíse poist na nithe seo a leanas:

- an tseirbhís poist atá siad ag ceannach
- conas gearán a dhéanamh má thagann fadhbanna chun cinn
- na bearta a fhéadfar a dhéanamh má fhanann an gearán gan réiteach.

Dá bhrí sin, tá sé mar sprioc againn leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn agus a chosaint agus is seo a leanas ár n-uaimhian:

Uaimhian: Is féidir le húsáideoirí seirbhíse poist seirbhísí poist a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

Chun an sprioc agus uaimhian sin a bhaint amach, is iad seo a leanas ár gculpóirí:

Cuspóir 3: Úsáideoirí seirbhíse poist a chumhachtú trína chinntiú go mbeidh faisnéis chruinn chúí ar fáil

Aithnímid nach mór úsáideoirí seirbhíse poiblí a chur ar an eolas go leordhóthanach. Déanaimid idirchaidreamh le soláthraithe seirbhíse poist chun cabhrú lena chinntiú go gcuirtear faisnéis chúí ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse poist. Tugaimid comhairle d'úsáideoirí seirbhíse poist ar ár suíomh Gréasáin freisin.

Tá níos mó riachtanas faisnéise ann don tseirbhís poist uilechoiteann. Chun cumhacht agus eolas a thabhairt d'úsáideoirí na seirbhíse poist uilechoitinne, déanaimid na nithe seo a leanas:

- a chinntiú go gcuimsítear sna téarmaí agus coinníollacha do na seirbhísí poist uilechoiteanna an fhaisnéis chúí chun freastal do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist
- torthaí fheidhmíocht bhliantúil an tsoláthraí seirbhíse poist uilechoitinne maidir le cáilíocht seirbhíse in aghaidh na gcaighdeán rialála a fhoilsiú. Ní mór do An Post na torthaí feidhmíochta sin a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin freisin.

Cuspóir 4: Úsáideoirí seirbhíse poist a chosaint trína chinntiú go mbeidh nósanna imeachta gearáin agus sásaimh ar fáil

Ní mór do gach soláthraí seirbhíse poist cód cleachtais a bheith acu, a fhoilsiú agus a chur chun feidhme. Leagtar amach sa chód cleachtais sin nósanna imeachta, caighdeáin agus beartais maidir le déileáil le gearáin ó úsáideoirí seirbhíse poist.

Leanfaimid dá chinntiú go mbeidh an fhaisnéis riachtanach le fáil sna cóid chleachtais agus go ndéanfar iad a fhoilsiú agus a chur chun feidhme.

Ní mór nósanna imeachta chun díospóidí a réiteach a bheith ar áireamh i ngach cód cleachtais. Mura bhfuil úsáideoirí seirbhíse poist sásta:

- leis na bearta uile atá déanta ag an soláthraí seirbhíse poist chun an gearán uathu a réiteach
- leis an toradh ar an measúnú neamhspleách ar an ngearán

féadfaidh siad iarraidh ar ComReg cabhrú leis an díospóid a réiteach agus leanfaimid den mhéid sin a dhéanamh.

SPRIOC 3: Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn

Tá cuspóir reachtúil againn chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- forbairt na hearnála poist a chur chun cinn
- forbairt na hiomaíochta agus na nuálaíochta sa soláthar seirbhíse poist a éascú trína chinntiú go mbaineann úsáideoirí seirbhíse poist an leas is mó is féidir ó thaobh roghanna, praghsanna agus cáilíochta de.

Creidimid go soláthraíonn margaí dea-fheidhmiúla na torthaí is fearr ó thaobh praghsanna, cáilíochta, roghanna agus nuálaíochta de.

Dá bhrí sin, tá sé mar sprioc againn forbairt na hearnála poist a chur chun cinn agus is é seo a leanas ár n-uaimhian:

Uaimhian: Earnáil poist a sholáthraíonn seirbhísí ar ardchaighdeán, nuálaíocht agus roghanna.

Chun an sprioc agus uaimhian sin a bhaint amach, is iad seo a leanas ár gcuspóirí:


Cuspóir 5: Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn trí thaighde, sonraí agus faisnéis a sholáthar

Tá sé tábhachtach go bhfuil sonraí agus faisnéis ann faoin earnáil poist. Baineann ríthábhacht leis sin chun a chinntiú:

- go dtuigeann gach duine na hathruithe atá os comhair na hearnála
- gur féidir linn ár ról a chomhlíonadh go cuí
- gur féidir linn faisnéis a chomhroinnt le gach duine, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach agus Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Poist.

Dá bhrí sin, leanfaimid de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- taighde ar an earnáil poist a choimisiúnú agus a fhoilsiú, lena n-áirítear taighde ar riachtanais úsáideoirí agus eispéiris úsáideoirí maidir leis an bpost. Breithnímid gníomhartha i bhfianaise taighde.

- 
- sonraí poist agus staitisticí poist a bhailiú agus a chóimheas don Choimisiún Eorpach agus do Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Poist. Foilsítear na sonraí sin i gcás nach bhfuil sonraí rúnda i gceist leo. Mar shampla, leanfaimid d'fhoilsiú a dhéanamh ar ár dtuarascáil beartán ar na sonraí comhiomlána beartán d'Éirinn arna mbailiú faoin Rialachán maidir le Beartáin Eorpacha Trasteorann.

Cuspóir 6: Forbairt na hearnála poist a éascú trínár sainordú dlíthiúil a chomhlíonadh

Chun earnáil seirbhísí poist atá iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt, tá sé tábhachtach gur féidir le gach soláthraí seirbhíse poist dul in iomaíocht ar bhonn cothrom. Cabhraíonn sé sin lena chinntiú gur féidir le húsáideoirí seirbhíse poist na tairbhí is mó is féidir a bhaint ó thaobh roghanna, praghsanna agus cáilíochta de.

Cabhraímid leis sin trí ghníomhú de réir ár sainordaithe. Nuair is gá, áirítear na nithe seo a leanas leis an sainordú sin:

- cabhair a thabhairt don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí i gcás go dtagann saincheistanna dlí iomaíochta chun cinn, ós rud é nach bhfuil aon chumhachtaí faoin dlí iomaíochta againn san earnáil poist
- aon díospóidí maidir le rochtain ar líonra poist an tsoláthraí seirbhíse poist uilechoitinne a réiteach
- rochtain ar bhonneagar poist an tsoláthraí seirbhíse poist uilechoitinne a cheadú.

Teastaíonn cinnteacht rialála freisin chun earnáil seirbhísí poist atá iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt. Le linn dúinn rialacháin a dhéanamh, leanfaimid de chinnteacht rialála a sholáthar trí dhul i gcomhairle ar na tograí uainn agus tríd an amscála le haghaidh ár ngníomhartha beartaithe a sholáthar inár bplean gníomhaíochta bliantúil.

Is as creat rialála Eorpach dár sainordú. Tá staidéar á ullmhú ag an gCoimisiún Eorpach faoi láthair chun measúnú a dhéanamh ar éabhlóidí féideartha na hearnála poist agus ar athruithe féideartha ar an gcreat rialála sin. Tá sé beartaithe go mbeidh an staidéar curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana 2024. Dá bhrí sin, leanfaimid d'idirchaidreamh a dhéanamh le Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Poist maidir leis sin agus maidir leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige don rialáil poist.

Maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil na seirbhísí poist, ní fhéadfaimid gníomhú ach de réir ár sainordaithe. Níl aon chumhachtaí sainráite againn maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus an t-athrú aeráide a bhaineann le seirbhísí poist. Tugaimid an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, dár n-aire, áfach, agus déanfaimid, de réir mar is gá agus a mhéid is indéanta, na feidhmeanna reatha atá againn a chomhall i gcomhréir leis na ceanglais atá ar áireamh san Acht sin.

5.

Conas a dhéanaimid faireachán ar ár ndul chun cinn agus a thugaimid tuairisc air

Beidh ár straitéis mar bhonn eolais faoinár bpleananna gníomhaíochta bliantúla don tréimhse 2024-2026, ina mionsonraítear na haschuir bheartaithe le haghaidh rialáil poist don bhliain, agus spriocráithe soláthair leagtha amach iontu. Déanaimid faireachán ar ár ndul chun cinn i gcomórtas leis na pleananna gníomhaíochta bliantúla sin agus leanfaimid den eolas is deireanaí ar ár ndul chun cinn a fhoilsiú ar bhonn ráithiúil.

Leanfaimid freisin dár ndul chun cinn a fhoilsiú inár dTuarascáil Bhliantúil.



6.

Conas a d'fhorbraíomar ár straitéis

Le linn dúinn ár straitéis a fhorbairt, chuireamar ár sainordú san áireamh, rinneamar idirchaidreamh le geallsealbhóirí, agus bhreithníomar an comhthéacs straitéiseach mar a leanas:

Ár sainordú

Rialálaimid seirbhísí poist agus an tseirbhís poist uilechoiteann de réir an dlí, eadhon an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011, arna leasú, lena dtrasuitear an Treoir Eorpach maidir le Seirbhísí Poist.

Is iad ár bhfeidhmeanna reachtúla ná na nithe seo a leanas a chinntiú:

- soláthar seirbhíse poist uilechoitinne a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist
- comhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorchuirtear orthu ag soláthraithe seirbhíse poist.

Is iad seo a leanas ár gcuspóirí reachtúla:

- forbairt na hearnála poist a chur chun cinn agus, go háirithe, an fháil ar sheirbhís poist uilechoiteann laistigh den Stát, chuige agus uaidh ar phraghas inacmhainne a chur chun cinn chun sochair do gach úsáideoir
- leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn
- forbairt na hiomaíochta agus na nuálaíochta a éascú sa mhargadh le haghaidh soláthar seirbhíse poist.

Tá ár straitéis ag teacht leis an sainordú sin, agus gníomhaímid dá réir.

Níl aon sainordú ag ComReg maidir leis na nithe seo a leanas:

- oibrítheoirí cúiréireachta agus oibrítheoirí mearsheachadta
- seirbhísí neamhphoist a soláthraíonn soláthraithe seirbhíse poist iad
- postóifigí
- an dlí iomaíochta san earnáil poist
- cearta ginearálta tomhaltóirí san earnáil poist
- dleachtanna custam ar mhíreanna poist
- Éirchód.

Idirchaidreamh le geallsealbhóirí

Rinneamar idirchaidreamh lenár ngeallsealbhóirí seachtracha trí phróiseas comhairliúcháin phoiblí ar ár straitéis bheartaithe, a bhí ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.

An comhthéacs straitéiseach

Le linn dúinn ár straitéis a shocrú, bhreithníomar an comhthéacs seo a leanas atá os comhair na hearnála poist:

1. Laghdú leantach i méideanna litirphoist

Is iad dornán príomhúsáideoirí (bainc, fónais, an rialtas) a sheolann an chuid is mó den litirphost agus is é An Post a sheachadann a fhorhmór. Is measartha teoranta fós atá an iomaíocht le haghaidh seachadadh litreacha fisiceacha, agus bíonn cumarsáidí leictreonacha amhail ríomhphoist agus cuntais ar líne ag teacht in ionad litreacha fisiceacha. Cruthaíonn sé sin idir dheiseanna agus dhúshláin do sholáthraithe seirbhíse poist.

Tríd is tríd, mhéadaigh An Post a phraghsanna chun an t-ioncam cailte ó líon níos lú litreacha a bheith á seoladh a aisghabháil; mar shampla, tháinig méadú 88% ar an bpraghas ar an litir stampáilte (idir mí Feabhra 2017 agus mí Feabhra 2023). Ar na roghanna eile tá seirbhísí poist agus oibríochtaí líonra poist a athrú d'fhonn litreacha a sheachadadh ar bhealach a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an airgeadais agus an chomhshaoil de.

2. Fás agus iomaíocht san earnáil beartán

Bíonn an tsiopadóireacht ar líne ag méadú an éilimh ar bheartáin. Is iad cuideachtaí móra ríomhthráchtála a sheolann an chuid is mó de bheartáin.

Is ann do mhórán oibrítheoirí seachadta beartán, agus iomaíocht láidir ann ó thaobh praghais, iontaofachta agus luas seachadta de. Ní soláthraithe seirbhíse poist iad a lán oibrítheoirí seachadta beartán agus, dá bhrí sin, níl siad faoi réir rialáil ag ComReg. Mar sin féin, is gnách go mbíonn cosaintí conarthacha láidre ann d'úsáideoirí atá ag fáil na mbeartán sin.

Tá tionchar ag aon mhéadú sa líon seachadtaí beartán ar spriocanna inbhuanaitheachta comhshaoil, mar shampla astaíochtaí carbóin agus tosca geilleagair chiorclaigh. Cruthaíonn sé sin idir dheiseanna agus dhúshláin d'oibrítheoirí seachadta beartán. Tá oibrítheoirí seachadta beartán i mbun gnímh cheana féin agus ag lorg tuilleadh dóigheanna ar féidir leo na spriocanna inbhuanaitheachta comhshaoil a bhaint amach.

3. Riachtanais úsáideoirí

Is riachtanas iad seirbhísí poist; tá litreacha agus seachadtaí beartán ina rud tábhachtach do shaol laethúil na n-úsáideoirí. Cé go bhfuil comhthéacs a bhíonn ag athrú ann san earnáil poist, níl aon athrú ann i riachtanais úsáideoirí, tríd is tríd. Coimisiúnaímid suirbhéanna ar riachtanais úsáideoirí poist ar bhonn tráthrialta chun eolas a thabhairt dúinn. Seoladh an suirbhé is déanaí ar úsáideoirí poist i mí Lúnasa 2023 agus nuashonraítear leis suirbhé roimhe a rinneadh i mí na Bealtaine 2021. Aimsíodh sa suirbhé is déanaí seo ón mbliain 2023 ar shampla ionadaíoch aosach in Éirinn (tabhair faoi deara nach ndearnadh suirbhé ar ghnólachtaí sa taighde; is úsáideoirí móra poist iad gnólachtaí) gur rud tábhachtach d'úsáideoirí fós é an post toisc:

- Go luann breis agus triúr as gach ceathrar gur rud tábhachtach dóibh é seachadadh laethúil litreacha agus beart.
- Go luann triúr as gach ceathrar gur rud tábhachtach dóibh é seachadadh litreacha an chéad lae eile.
- Go luann ceathrar as gach cúigear gur rud tábhachtach dóibh é seachadadh beartán an chéad lae eile. Is méadú é sin i gcomparáid leis an suirbhé roimhe. Tá méadú suntasach ann sa líon daoine a luann gur rud tábhachtach dóibh é seachadadh post beartán an chéad lae eile, ó dhuine amháin as gach ceathrar go duine amháin as gach triúr.
- Go luann beirt as gach cúigear gurb é a riachtanas réasúnach é seachadadh litreacha an chéad lae eile; luann a oiread céanna gur seachadadh oiriúnach é seachadadh dhá lá, áfach. I gcomparáid leis an suirbhé roimhe, tá méadú tagtha ar an líon daoine arbh fhearr leo seachadadh litreacha an chéad lae eile.
- Go measann naonúr as gach deichniúr nach mór an praghas a bhaineann le litreacha agus beartáin a sheoladh a choinneáil ar phraghas inacmhainne, faoi mar a bhí amhlaidh sa suirbhé roimhe.





Commission for
Communications Regulation
An Coimisiún um
Rialáil Cumarsáide

Commission for Communications Regulation,
One Dockland Central, Guild Street,
Dublin, D01 E4X0

www.comreg.ie